EDPS

EUROPEAN DATA PROTECTION SUPERVISOR

# TODHCHAÍ DHIGITEACH NÍOS SÁBHÁILTE A MHÚNLÚ

An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a chur in aithne

edps.europa.eu





# CÉ SINN

Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS) údarás neamhspleách um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh a bhfuil sé de chúram air maoirseacht a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha.

Tugaimid comhairle d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha maidir le tograí agus tionscnaimh reachtacha nua a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

Déanaimid faireachán ar thionchar na dteicneolaíochtaí nua ar chosaint sonraí agus oibrímid i gcomhar le húdaráis mhaoirseachta chun forfheidhmiú comhsheasmhach rialacha cosanta sonraí an AE a áirithiú.

# ÁR MISEAN

**Is ceart bunúsach é cosaint sonraí, a chosnaítear faoin dlí Eorpach. Déanann MECS príobháideachas daoine aonair agus cosaint sonraí a chosaint agus a chur chun cinn inár gcuid oibre ó lá go lá.**

# ÁR LUACHANNA AGUS ÁR BPRIONSABAIL

**Neamhchlaontacht**
oibriú laistigh den chreat reachtaíochta agus beartais a tugadh dúinn, bheith neamhspleách agus oibiachtúil, an chothromaíocht cheart a aimsiú idir na leasanna atá i gceist.

**Ionracas**
na caighdeáin is airde iompraíochta a chaomhnú agus an rud ceart a dhéanamh i gcónaí.

**Trédhearcacht**
míniú a thabhairt ar a bhfuil ar siúl againn agus cén fáth, ar bhealach soiléir atá inrochtana ag gach duine.

**Pragmatachas**
tuiscint a fháil ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus réitigh a aimsiú a oibríonn ar bhealach praiticiúil.

# AN OBAIR A DHÉANAIMID

Tá ceithre phríomhréimse oibre ag an MECS:

- **Maoirseacht agus Forfheidhmiú:** déanaimid monatóireacht ar phróiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha lena áirithiú go gcomhlíonann siad na rialacha um chosaint sonraí.
- **Beartas agus Comhairliúchán:** tugaimid comhairle don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le tograí reachtacha agus tionscnaimh a bhaineann le cosaint sonraí.
- **Teicneolaíocht agus Príobháideachas:** déanaimid monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí teicneolaíochta a bhfuil tionchar acu ar chosaint sonraí pearsanta.
- **Comhoibriú:** oibrímid le húdaráis mhaoirseachta chun cosaint chomhsheasmhach sonraí a chur chun cinn ar fud an AE. Is é an príomhardán atá againn le haghaidh comhar le húdaráis cosanta sonraí an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí.

Samplaí eile de na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí Eorpacha a ndéanaimid maoirseacht orthu is ea Europol faoi Rialachán 2016/794, Eurojust faoi Rialachán 2018/1727 agus OIPE faoi Rialachán (AE) 2017/1939.



**IS É AN MISEAN ATÁ AGAINN FEASACHT A MHÚSCAILT AR RIOSCAÍ, AGUS CEARTA AGUS SAOIRSÍ DAOINE A CHOSAINT NUAIR A DHÉANTAR A SONRAÍ PEARSANTA A PHRÓISEÁIL. FREAGRAÍMID AR SHÁRUITHE UM CHOSAINT SONRAÍ, GEARÁIN Ó DHAOINE AONAIR AGUS EAGRAÍMID FREISIN SEISIÚIN OILIÚNA D'INSTITIÚIDÍ, COMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ AE.**

# ÁR GCUMHACHTAÍ



Téann institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí chun comhairle shonrach a fháil, rud a chuirimid ar fáil trí thuairimí, tráchtanna, cinntí, litreacha agus páipéir a scríobh. Ina theannta sin, tugaimid comhairle ghinearálta ar ábhair atá ábhartha d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an AE sna treoirlínte rialta atá againn.


De bhreis air sin, déanaimid fiosrúcháin agus iniúchtaí ar chosaint sonraí chun comhlíonadh an dlí maidir le cosaint sonraí sa chleachtas a fhíorú.



Nuair nach gcomhlíonann institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí AE na rialacha um chosaint sonraí, is féidir le MECS na cumhachtaí forfheidhmiúcháin a leanas a tugadh le Rialachán (AE) 2018/1725 a úsáid:

- Rabhadh nó comhairle a thabhairt don institiúid AE atá ag próiseáil do chuid faisnéise pearsanta go neamhdhleathach nó go héagórach;
- A ordú d'institiúid an AE cloí le hiarratais chun do chearta a fheidhmiú (e.g. rochtain a fháil ar do shonraí féin);
- Bac sealadach nó críochnaitheach a chur ar oibríocht próiseála sonraí ar leith;
- Fíneáil riaracháin a ghearradh ar institiúidí AE;
- Cás a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

# ÁR NDAOINE




Déanann an MECS a dhícheall foireann éagsúil saineolaithe dlí agus teicniúla a thabhairt le chéile, chomh maith le speisialtóirí eile ina réimse féin ó gach cearn den Aontas Eorpach, ag obair chun saol na cosanta sonraí agus ár n-eagraíocht a mhúnlú.

Leis an gcúlra ilghnéitheach agus na peirspictíochtaí éagsúla seo, is féidir linn freagairt go cruthaitheach do na dúshláin a bhaineann le cosaint sonraí agus teacht ar réitigh a rachaidh chun tairbhe don tsochaí ina hiomláine, go háirithe do na daoine is leochailí.

**I dteannta a chéile, tá sé mar aidhm againn sonraí daoine a chosaint.**


# AG FÉACHAINT CHUN TOSAIGH



I ndomhan nasctha, áit a mbíonn sonraí ag sreabhadh thar theorainneacha, beidh dlúthpháirtíocht laistigh den Eoraip agus go hidirnáisiúnta ina cuidiú leis an gceart chun cosaint sonraí a neartú agus lena áirithiú go n-oibríonn sonraí do dhaoine ar fud an AE agus níos faide i gcéin.

Díríonn Straitéis MECS do 2020-2024 ar thrí cholún: **Fadbhreathnaitheacht**, **Gníomhaíocht** agus **Dlúthpháirtíocht** chun todhchaí dhigiteach atá níos sábháilte, níos cothroime agus níos inbhuanaithe a mhúnlú.

- **Fadbhreathnaitheacht**: ár dtiomantas le bheith ina hinstitiúid chliste a bhfuil dearcadh fadtéarmach aici ar threochtaí maidir le cosaint sonraí agus ar an gcomhthéacs dlíthiúil, sochaíoch agus teicneolaíoch.
- **Gníomhaíocht**: uirlisí a fhorbairt go réamhghníomhach d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí Eorpacha chun bheith ina gceannairí domhanda i réimse na cosanta sonraí. Comhleanúnachas a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí na gcomhlachtaí forfheidhmiúcháin san AE le léiriú níos láidre ar fhíor-dhlúthpháirtíocht Eorpach, ar chomhroinnt ualaigh agus ar chur chuige comhchoiteann.
- **Dlúthpháirtíocht**: is é ár dtuairim go n-éilítear le ceartas go ndéantar príobháideachas a chosaint do gach duine, i mbeartais uile AE, agus gur cheart go mbeadh inbhuanaitheacht ina spreagadh maidir le próiseáil sonraí ar mhaithe le leas an phobail.



edps.europa.eu

Twitter: @EU_EDPS
LinkedIn: EDPS
YouTube: European Data Protection Supervisor
Seoladh ríomhphoist: edps@edps.europa.eu

An Ísiltír: Weber Shandwick, 2021
© Design: GDandP.com, Weber Shandwick, MECS agus An tAontas Eorpach
© An tAontas Eorpach, 2021
Údaraítear athúsáid ach an fhoinse a admháil.
PRINT ISBN 978-92-9242-598-2
doi: 10.2804/876918
QT-01-21-006-GA-C
PDF ISBN 978-92-9242-589-0
doi: 10.2804/457960
QT-01-21-006-GA-N

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

EDPS
European Data Protection Supervisor